AN BHEAN Ó CHANÁN

Tháinig an smaoineamh don chomhrá seo idir Íosa agus Peadar ó 'Jesus and Peter: Off-the record Conversations' le John Bell agus Graham Maule (Glasgow; Wild Goose Publications, 1999). Tá a fhoinse i scéal ó na Soiscéil, Marcas 7:24-30 agus Matha 15:21-28, agus scríobh Yvonne Naylor é don fhoilseachán 'Moving Beyond Sectarianism' (Columba: 2001 lch 157-158). Cuireadh an dráma in oiriúint le foilsiú san áis seo.

PEADAR: A Íosa.

ÍOSA: Cad é, a Pheadair?

PEADAR: A Íosa, nach dánach a bhí an bhean sin? Í ag screadaíl inár ndiaidh go ndéana tú í a chuidiú maidir leis an chailín óg aici – abair Canánach! Ba mhian linn an ruaig a chur uirthi mar ní féidir leat faic a dhéanamh dá leithéid. Agus bhí racán mór á thógáil aici.

ÍOSA: An ceart agat. Rinne mé iarracht neamhaird a thabhairt uirthi, ach chonaic tú nár éirigh liom.

PEADAR: A Íosa, is Canánach í. Ní dár gcineál í. Ba cheart duit an ruaig a chur uirthi mar a mhol muid duit, í ag screadaíl inár ndiaidh mar sin.

ÍOSA: An cuimhin leat cad é go díreach a dúirt mé, a Pheadair?

PEADAR: Is cuimhin; dúirt tú, agus an ceart go hiomlán agat, gur chuig caoirigh chaillte phobal Israel amháin a cuireadh thú. A Íosa, caithfidh tú díriú. Ní thig leat an saol is a mháthair a chuidiú nó ní bheidh an t-am agat díriú ar do phobal féin.

ÍOSA: Ní mór duit a admháil, áfach, a Pheadair, gur choinnigh an bhean sin uirthi agus gur léirigh sí a creideamh ionam trí dhul ar a glúine romham agus iarraidh orm arís í a chuidiú.

PEADAR: Níorbh é sin do dhearcadh nuair a thug tú 'coileáin' uirthi agus ar a cineál.

ÍOSA: A rá gur bheag nár scuab mé an bhean chráite sin chun siúil. Chuir sí i gcuimhne dom an fhírinne go mbíonn áit ag gach duine in ord ar bith, fiú ag na 'coileáin'.

PEADAR: A Íosa, an bhfuil tú a rá liom gur fhoghlaim tú rud éigin ón bhean sin? An é sin an fáth ar shlánaigh tú a hiníon? Nárbh olc leat, fiú giota beag, rud a fhoghlaim ó 'choileán'?

ÍOSA: A Pheadair, cad é an chiall a bheadh le mo láithreacht anseo muna raibh faic le foghlaim as? Bhí an rud a dúirt sí fíor agus ní raibh mé ag dúil leis. D'aithin mé an creideamh a bhí aici. D'éist mé, chuala mé, d'amharc mé agus chonaic mé. Is aistear an saol, a Pheadair, agus caithfimid uile a bheith réidh le foghlaim uathu siúd is lú a mbeadh súil againn foghlaim uathu.

PEADAR: Mar sin, an bhfuil tú a rá gur cuid de phlean Dé iad fosta? An gcaithfimid dul thar theorainneacha agus a bheith réidh le foghlaim uathu siúd de thraidisiún eile?

ÍOSA: Duine an-phiocúil tú, a Pheadair.